# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

## FRAINCIS – GNÁTHLEIBHÉAL
**(320 MARC)**

DÉ CÉADAOIN, 11 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR**

**N.B. DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN**

| ROINN | MARC |
|---|---|
| I | |
| II | |
| III | |
| IOMLÁN | |
| BÓNAS DON GHAEILGE | |
| MÓRIOMLÁN | |
| GRÁD | |

## TREORACHA GINEARÁLTA

1. Tá trí roinn sa pháipéar seo, mar atá: Cluastuiscint, Léamhthuiscint agus Scríobh na Teanga.
2. Tabhair aird ar leith ar na treoracha a ghabhann le gach ceist de réir mar a thugtar sa scrúdpháipéar iad.
3. **Sula dtosaíonn an triail chluastuisceana, beidh cúig nóiméad agat chun na treoracha a bhaineann léi agus na ceisteanna a léamh**. Ní bheidh cead agat ceisteanna a chur ná rud ar bith a rá nuair a bheidh an triail féin ar siúl.
4. Nuair a bheidh Roinn I (cluastuiscint na sleachta taifeadta) críochnaithe agat, ba cheart duit tabhairt faoi Roinn II agus Roinn III den pháipéar láithreach.
5. NÁ DEARMAD DO **SCRÚDUIMHIR** A SCRÍOBH SA SPÁS CUÍ THUAS.

**[Thall**

# ROINN I

## Cluastuiscint (140 marc)

**N.B.** Bíodh do fhreagraí i nGaeilge.

## A

Cloisfidh tú **trí** chomhrá, gach ceann acu **faoi dhó**. Tá cead agat an cheist a bhaineann le gach comhrá a fhreagairt tar éis ceachtar den dá éisteacht. Scríobh *a, b, c* nó *d* sa bhosca cuí.

**1.** An rud atá á cheannach ag an gcustaiméir ná
*(a)* torthaí
*(b)* arán
*(c)* feoil
*(d)* milseáin.

**2.** Shocraigh Catherine agus Pierre taisteal
*(a)* in eitleán
*(b)* ar an mbus
*(c)* ar an traein
*(d)* i mbád.

**3.** Deir Jérôme go bhfuil ceann díobh seo caillte aige:
*(a)* a eochracha
*(b)* a vallait
*(c)* a spéaclaí
*(d)* a fhón póca.

---

**N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN**

| **Roinn** | |
|---|---|
| **A** | |
| **B** | |
| **C** | |
| **D** | |
| **E** | |
| **IOMLÁN** | |

# B

Sa mhír seo, cuireann beirt iad féin in aithne. Cloisfear scéal gach duine acu **trí** huaire. Éist leo agus líon isteach an t-eolas atá á lorg sna greillí ag **1** agus **2** thíos.

**1.**

| | |
|---|---|
| AINM: | *Frédéric* |
| AOIS: | |
| LÍON DEIRFIÚRACHA: | |
| ÁBHAR **AMHÁIN** A LUAITEAR: | |
| A SHLÍ BHEATHA AMACH ANSEO: | |
| AINMHÍ **AMHÁIN** A LUAITEAR: | |

**2.**

| | |
|---|---|
| AINM: | *Victorine* |
| BREITHLÁ: | |
| POST / OBAIR: | |
| AN tSLÍ A dTÉANN SÍ AR OBAIR: | |
| CINEÁL **AMHÁIN** SCANNÁIN A THAITNÍONN LÉI: | |
| SONRA **AMHÁIN** FAOI KEVIN: | |

**[Thall**

# C

Cloisfidh tú **cúig** chomhrá éagsúla, gach ceann acu **faoi dhó**. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna.

**1.** Ní raibh Nathalie ar scoil inniu mar

*(a)* bhí uirthi aire a thabhairt do leanbh/leanaí
*(b)* bhí sí déanach don bhus
*(c)* chuaigh sí ag siopadóireacht
*(d)* bhí sí breoite (tinn) leis an bhfliú.

☐

**2.** Líon na spásanna thíos leis na litreacha atá in easnamh chun ainm an duine, atá ag cur seomra in áirithe san óstán, a chomhlánú.

M _____ C _____ A _____ D

**3.** Chun dul go dtí an rinc scátála, caithfidh Camille

*(a)* an dara sráid ar clé a thógáil
*(b)* dul díreach ar aghaidh
*(c)* an chéad sráid ar dheis a thógáil
*(d)* casadh ar clé ag an séipéal.

☐

**4.** Líon na spásanna thíos leis na figiúirí atá in easnamh chun an uimhir ghutháin a chomhlánú.

01 . __ . 11 . __ . 92 .

**5.** Cad atá beartaithe ag Élodie a dhéanamh an tráthnóna seo?

*(a)* Dul go dtí an linn snámha
*(b)* Cártaí a imirt lena deartháir
*(c)* Faire ar an teilifís sa bhaile
*(d)* Cuairt a thabhairt ar theach cara léi.

☐

## D

Tá Aliette chun cuairt a thabhairt ar a cara pinn Éireannach, Sinéad. Pléann sí sonraí an turais lena cara, Paul.

Cloisfidh tú an comhrá **faoi thrí.** Ar dtús, cloisfidh tú é go léir tríd síos; ansin, cloisfidh tú arís é ina **cheithre mhír** agus sosanna eatarthu. Ar deireadh, cloisfidh tú an comhrá ar fad tríd síos arís.

**1.** Tá Sinéad, cara pinn Aliette, ina cónaí

*(a)* cois farraige
*(b)* faoin tuath
*(c)* i gcathair mhór
*(d)* i mbaile beag.

☐

**2.** Thug Sinéad cuairt ar theaghlach Aliette sa Fhrainc

*(a)* um Nollaig
*(b)* ag an mbriseadh lár téarma
*(c)* um Cháisc
*(d)* sa Samhradh.

☐

**3.** Ainmnigh bronntanas **AMHÁIN** a thabharfaidh Aliette go hÉirinn léi.

______________________________________________________________________

**4.** **(i)** Cathain a oibríonn Aliette san ollmhargadh?

*(a)* Dé Céadaoin san iarnóin
*(b)* Tráthnóna Dé hAoine
*(c)* Ar an Satharn
*(d)* Maidin Dé Domhnaigh.

☐

**(ii)** Nuair a shroichfidh sí an baile tráthnóna inniu beidh ar Aliette

*(a)* a seomra leapa a réiteach
*(b)* na soithí / gréithe a ní
*(c)* an bord a leagan
*(d)* an iarnáil a dhéanamh.

☐

# E

Anois cloisfidh tú **cúig** mhír ón raidió. Seinnfear gach mír **faoi dhó**. Éist go cúramach leo agus freagair na ceisteanna a bhaineann le gach ceann acu.

**1.** Cén aois a bhí ag an ealaíontóir míme Marcel Marceau nuair a cailleadh é?

*(a)* 55 bliain
*(b)* 72 bliain
*(c)* 84 bliain
*(d)* 90 bliain.

☐

**2.** Cá bhfacthas an nathair mhór?

*(a)* I leabharlann
*(b)* In ospidéal
*(c)* I gcarrchlós
*(d)* I gclós scoile.

☐

**3.** Cé tír a bhuaigh ar an bhFrainc sa liathróid láimhe?

________________________________________________

**4.** Cad a bhíonn á dhíol sa siopa seo?

*(a)* Trealamh don ghairdín
*(b)* Trealamh campála
*(c)* Trealamh spóirt
*(d)* Trealamh leictreach.

☐

**5.** Ón liosta focal thíos, roghnaigh an focal is fearr a dhéanann cur síos ar an aimsir i n**gach** ceann faoi seach de na ceantair atá luaite.

***Fuar - Gaofar - Fliuch - Scamallach - Grianmhar***

**(i)** Limistéar Pháras ________________________

**(ii)** Deisceart na Fraince ________________________

**N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN**


| | |
|---|---|
| **C.** | |
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **7** | |
| **8** | |
| **IOMLÁN** | |

## ROINN II

## Léamhthuiscint (120 marc)

**N.B.** Bíodh na freagraí i nGaeilge agat.

**1.** Déan na comharthaí agus na pictiúir seo a leanas a mheaitseáil. Cuir na litreacha a fhreagraíonn do na huimhreacha sna boscaí cuí thíos chun do fhreagra a chur in iúl i ngach cás.




| UIMHIR | LITIR |
|---|---|
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |

[Thall

**2.** Léigh an fógra seo faoi chaisleán sa Fhrainc agus freagair na ceisteanna a leanann é.




***En pleine vallée du Loir, à 35 km de Chartres***

**Ouvert tous les jours**
- en hiver de 9h30 à 17h
- au printemps de 9h à 18h30
- en été de 9h à 19h30
- en automne de 9h à 18h

**Prix d'entrée**
- Adultes : 10 €
- Étudiants : 6 €
- Enfants : 5 €
- Pour les groupes : 7 €

**Accès**
- Gares de Bonneval ou Chartres
- En autocar par la RN 20
- Parking gratuit
- Visite Guidée tous les jeudis

**Activités**
- Équitation
- Découverte des animaux de la ferme
- Visite de cave
- Promenade en bateau

(i) Cén t-am a dhúntar an caisleán san Earrach?

______________________________

(ii) Cad é an costas ar mhic léinn chun dul isteach ann?

______________________________

(iii) Cé acu lá na seachtaine a mbíonn turas treoraithe den chaisleán ar siúl?

______________________________

(iv) Cé acu **CEANN** de na gníomhaíochtaí seo a leanas a bhíonn ar fáil do chuairteoirí?

*(a)* Ailleadóireacht (Dreapadh carraigeacha)
*(b)* Marcaíocht ar chapaill
*(c)* Rothaíocht
*(d)* Clársheoltóireacht.

☐

**3.** Anseo thíos tá oideas do mhilseog.

# Gâteau à la Banane

**Préparation : 20 minutes Cuisson : 30 minutes**



**Ingrédients :**

- **3 bananes**
- **2 œufs**
- **240g de farine**
- **250g de sucre**
- **5g de beurre**
- **1 pincée de sel**
- **2 cuillères de crème fraîche**
- **1 sachet de levure**
- **1 gousse de vanille**
- **1 cuillère de rhum**
- **4 cuillères de lait**

Cuir tic (✓) sa bhosca cuí chun a thaispeáint cé acu **ceithre cinn** de na comhábhair seo a leanas a **luaitear** san oideas thuas.

**NÓTA: Bainfear marcanna má thugtar níos mó ná 4 fhreagra.**

| | | ✓ |
|---|---|---|
| a. | Plúr | |
| b. | Piobar | |
| c. | Silíní | |
| d. | Salann | |
| e. | Uisce | |
| f. | Líomóid | |
| g. | Bainne | |
| h. | Siúcra | |

**4.** Léigh an méid atá le rá ag an seisear mac léinn seo agus freagair na ceisteanna a leanann é.


|  |  |  |
|---|---|---|
| **Florian**<br><br>Il y a trop d'élèves dans la classe. Pour les matières importantes, comme le français, on pourrait travailler en petits groupes. On pourrait peut-être séparer les élèves par niveaux. | **Nolwenn**<br><br>J'aimerais bien qu'on ait des ordinateurs portables. Notre sac serait moins lourd à porter. Un ordinateur, c'est vraiment pratique pour étudier. | **Benoît**<br><br>J'aimerais changer l'organisation de l'emploi du temps. Le matin, on devrait étudier les matières dures, et mettre les cours plus 'légers' l'après-midi. L'an dernier, j'avais un cours de sport à 8h45 ! |
| **Alexandra**<br><br>Nos journées sont trop longues. On commence à 8h30 et on finit à 17h. Après, on doit faire nos devoirs. On est très fatigué le soir et on n'a plus de temps pour notre vie d'adolescent. | **Quentin**<br><br>J'aimerais que l'on demande aux professeurs de ne pas nous donner des devoirs tous les jours. Certaines semaines sont très chargées, d'autres, on n'a rien à faire. | **Véra**<br><br>L'après-midi, j'aimerais que l'on puisse choisir nos activités, faire des choses différentes. Pourquoi pas des cours de théâtre, des cours de cuisine, ou des cours de citoyenneté ? |

Tá siad go léir, *Florian*, *Nolwenn*, *Benoît*, *Alexandra*, *Quentin* agus *Véra*, ag caint faoi fheabhsúcháin ba mhaith leo a dhéanamh ina scoileanna. Scríobh **ainm an duine**

| | | **Ainm** |
|---|---|---|
| a. | a deir go mbíonn sé/sí an-tuirseach tráthnóna. | |
| b. | ar mhaith leis/léi tráthchlár na scoile a athrú. | |
| c. | a cheapann go bhfuil an iomad daltaí sa rang. | |
| d. | ar bhreá leis/léi nach dtabharfadh múinteoirí obair bhaile gach lá. | |
| e. | ar mhaith leis/léi go mbeadh ríomhairí glúine á n-úsáid acu ar scoil. | |
| f. | ar mhaith leis/léi go mbeadh ranganna drámaíochta acu san iarnóin. | |

**5.** Molann an píosa seo slite éagsúla chun taitneamh a bhaint go ciallmhar as an ngrian.

# Quelques conseils pour bien profiter du soleil



1. Pour te protéger du soleil il faut porter un chapeau, un teeshirt et des lunettes de soleil.

2. Protège particulièrement les bébés et les jeunes enfants. Leur peau et leurs yeux sont plus sensibles et plus exposés.

3. Attention surtout au bord de la mer ou en montagne, et aussi lorsqu'il y a des nuages ou qu'il fait frais.

4. Il faut remettre de la crème solaire après un bain de mer ou une douche.

5. C'est entre 12h et 16h que le soleil est le plus haut dans le ciel. Il faut éviter de s'exposer à ces heures-là.

6. Attention aux médicaments, déodorants et parfums ! Prends conseil auprès de ton médecin ou de ton pharmacien.

Cé acu alt díobh a luaitear gach ceann faoi seach díobh seo a leanas ann?

| | | **Uimhir an Ailt** |
|---|---|---|
| a. | Faigh comhairle ó do dhochtúir. | |
| b. | Caith hata agus spéaclaí gréine. | |
| c. | Cuir uachtar gréine breise ort tar éis a bheith ag snámh nó sa chithfholcadh. | |
| d. | Bí cúramach, go háirithe má bhíonn tú sna sléibhte. | |

**6.** Léigh na míreanna gearra seo a leanas as páipéar nuachta agus freagair na ceithre cheist.



### Gardien de but blessé

Vendredi dernier, un accident s'est produit au cours d'un match de football entre les équipes de Marseilles et de Casablanca. Le gardien de but de l'équipe de Casablanca s'est blessé au dos et à la jambe droite.

(i) Ainmnigh cuid **amháin** dá chorp ar ghortaigh cúl báire Casablanca é.

________________________________________




### Concours de la BD Scolaire

La 24e édition du Concours de la BD Scolaire se déroule du 1er octobre 2007 au 3 mars 2008. Le principe de ce concours est de créer une bande dessinée ; il s'adresse à tous les élèves de la maternelle à la terminale.

(ii) Tugann an comórtas seo cuireadh do mhic léinn ceann amháin díobh seo a dhearadh:

*(a)* paca cártaí
*(b)* stiallchartún
*(c)* gúna tráthnóna
*(d)* cuireadh chuig cóisir.

☐



### Seize ans de textos

Ces messages courts fêtent leur 16e anniversaire. *"Joyeux Noël"* : c'est le premier texto envoyé en 1992 par un Américain. L'année dernière, les Français se sont envoyés 18 milliards de textos. Les jeunes utilisent des abréviations pour chaque mot, e.g. **bjr** pour *"bonjour"*, **2m1** pour *"demain"*, **kaz** pour *"maison"*, **bcp** pour *"beaucoup"*, et **tr1** pour *"train"*.


(iii) Cad a dúradh sa chéad teachtaireacht téacs a cuireadh i 1992?

________________________________________

(iv) Cén litriú téacs a úsáidtear i bhFraincis don fhocal "*teach*"?

________________________________________

**7.** Imríonn Clément Poitrenaud rugbaí don Fhrainc.



**1.** Salut ! Je m'appelle Clément Poitrenaud et je suis né le 20 mai 1982 à Castres. Je suis Taureau, donc je suis curieux, spontané et gourmand ! J'adore la nourriture. Comme j'habite toujours chez mes parents, ma mère prépare tous mes repas. Mes plats préférés sont le poulet rôti, le foie gras et les glaces.

**2.** J'ai un frère, Thomas, et une demi-soeur, Stéphanie. Mon meilleur ami s'appelle Frédéric Michalak, qui joue aussi pour l'équipe de France. Je le connais depuis l'âge de sept ans.

**3.** J'ai fait mes débuts chez les Bleus le 10 novembre 2001 contre les Springboks de l'Afrique du Sud. Sur le terrain de rugby je suis enthousiaste et j'ai un bon sens de l'attaque. Ma petite manie : lors d'un match je descends toujours mes chaussettes en bas du mollet car celles-ci donnent des crampes.

(i) Sa **chéad alt** deir Clément Poitrenaud go bhfuil sé

*(a)* cineálta
*(b)* leisciúil
*(c)* santach
*(d)* foighneach.

(ii) Cé leis a bhfuil cónaí ar Clément? **(Alt 1)**

______________________________________________

(iii) De réir an **dara halt,** cén bhaint atá ag Frédéric Michalak le Clément?

*(a)* an cara is fearr aige
*(b)* a thraenálaí rugbaí
*(c)* a chol ceathrair
*(d)* a dheartháir céile.

(iv) Cén ball éadaigh a luaitear sa **tríú halt**?

______________________________________________

**8.** Is aisteoir cáiliúil Francach scannáin í Audrey Tautou.



**Nom :** Tautou

**Prénom :** Audrey

**Née :** le 9 août 1978

**Lieu :** Beaumont, en Auvergne

**Cheveux :** Bruns

**Yeux :** Marron

**Famille :** Son père est dentiste et sa mère est institutrice.

**Elle adore :**

- Les singes et les gorilles
- La musique de Ravel et de Mozart
- Les couleurs jaune et blanche
- L'Italie – elle aime le climat et elle a des amis qui y habitent
- La photographie – tout récemment elle a reçu un appareil photo comme cadeau et elle prend en photo tous les journalistes qui viennent l'interviewer.

**Elle déteste :**

- La pluie
- Les grandes villes
- La célébrité
- Les acteurs égoïstes

Agus an t-agallamh le **Audrey Tautou** léite agat, freagair na ceisteanna seo a leanas.

(i) Ta máthair Audrey Tautou

*(a)* ina banaltra
*(b)* ina hinnealtóir
*(c)* ina ceantálaí
*(d)* ina múinteoir bunscoile.

☐

(ii) Ainmnigh dath **amháin** a thaitníonn le hAudrey.

______________________________

(iii) Ainmnigh an bronntanas a fuair Audrey le déanaí.

______________________________

(iv) Deir Audrey nach maith léi:

*(a)* ainmhithe
*(b)* cathracha móra
*(c)* obair tí
*(d)* cluichí ríomhaireachta.

☐

**[Thall**

## ROINN III

## Scríobh na Teanga

**(60 marc)**

**1.** Scríobh **litir i bhFraincis** chuig do chara pinn Francach, Jean-Pierre / Christine.
Sa litir agat bíodh **ceithre** cinn ar a laghad de na sonraí seo a leanas:

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| 5 |
| 6 |
| 7 |
| 8 |
| 9 |
| **N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN** |

- Gabh buíochas leis/léi as a litir dheiridh.
- Fiafraigh cad a fuair sé/sí dá lá breithe.
- Abair cé mhéad airgead póca a fhaigheann tú.
- Luaigh rud éigin a cheannaigh tú le déanaí.
- Abair rud éigin faoin gclár teilifíse is fearr leat.
- Luaigh rud éigin a dhéanann tú nuair a thugann tú cúnamh sa bhaile.
- Abair cad a dhéanfaidh tú le linn laethanta saoire an tSamhraidh.
- Labhair faoin ábhar is fearr leat ar scoil.
- Déan cur síos ar na héadaí a chaitheann tú ar scoil/ar d'éide scoile.

(40 marc)

**2.** Freagair *(a)* **nó** *(b)*.

*(a)* Tá tú ar saoire. Scríobh **cárta poist i bhFraincis** chuig cara Francach. Abair ann

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| **N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN** |

- go bhfuil tú ag campáil;
- conas mar atá an aimsir;
- cad is maith leat a ithe;
- conas mar a chaitheann tú na tráthnónta.

(20 marc)

**NÓ**

*(b)* Tá tú ag fanacht le teaghlach Francach. Tá tú i do aonar sa teach nuair a ghlaonn cara chun a iarraidh ort dul go dtí an phictiúrlann. Fágann tú **nóta i bhFraincis** agus míníonn tú ann

| |
|---|
| 1 |
| 2 |
| 3 |
| 4 |
| **N.B. D'ÚSÁID AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN** |

- go bhfuil tú ag dul go dtí an phictiúrlann;
- cé atá ag dul leat;
- conas atá tú ag dul ann;
- go mbeidh tú ar ais ag a 7 a chlog.

(20 marc)

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

**Leathanach Bán**